**TAISPEÁNTAS**
**NA hÉIREANN**
BIENNALE AILTIREACHTA
VEINÉIS

Cultúr Éireann
Culture Ireland

the arts council
an chomhairle ealaíon
funding architecture

2027



## Glao ar Léirithe Suime i ndáil le coimeádaíocht ar

# <u>Éirinn ag an Veinéis 2027</u>

## CLÁR AN ÁBHAIR

CUIREADH ........................................................................ 1
CÚLRA ............................................................................... 3
RÓL AN CHOIMEÁDAÍ I LEITH THAISPÉANTAS NA hÉIREANN ..................................................................................... 4
SONRAÍ AN GHLAO OSCAILTE ........................................... 5
TACAÍOCHT Ó CHULTÚR ÉIREANN .................................... 6
BUISÉAD ............................................................................ 7
CRITÉIR MHEASTÓIREACHTA ............................................ 8
AIGHNEACHT .................................................................... 9
PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN ............................................. 10
BEIDH TRÍ CHÉIM SA PHRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN: ......................... 10
TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA .................................. 12
AISEOLAS ......................................................................... 13
AMLÍNE AN ROGHNÚCHÁIN ......................................... 13
TEAGMHÁIL ..................................................................... 13

## CUIREADH

Tá Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon ag lorg léirithe spéise chun coimeádaíocht a dhéanamh ar ionadaíocht na hÉireann ag an *20ú Taispeántas Ailtireachta Idirnáisiúnta sa Veinéis, La Biennale di Venezia* in 2027.

Lorgaítear moltaí mealltacha, uaillmhianacha agus samhlaíocha le breithniú ó ailtirí Éireannacha, ó chleachtais ailtireachta Éireannacha, nó ó choimeádaithe nó foirne Éireannacha a bhfuil saineolas acu san ailtireacht.

Tá sé riachtanach go ndíreofaí an togra ar thopaic nó ar réimse ábhair atá ábhartha go sainráite do chultúr agus cleachtas ailtireachta comhaimseartha in Éirinn. Ina theannta sin, ba cheart go bhféachfadh an togra le hailtireacht na hÉireann a chur sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus san fhóram don ailtireacht arb é Biennale na Veinéise é.

Bain leas as an deis seo, más spéis leat:

- ailtireacht agus cleachtas ailtireachta na hÉireann a chur i láthair do lucht féachana idirnáisiúnta;
- ag baint úsáid as an ardán domhanda seo chun plé a spreagadh ar ailtireacht in Éirinn agus as Éirinn;
- próifíl idirnáisiúnta a bhaint amach agus deiseanna domhanda amach anseo a chruthú d'ailtirí Éireannacha;
- ag dul ar camchuairt leis an taispeántas go náisiúnta in 2028.

Trí rannpháirtíocht na hÉireann sa *20ú Taispeántas Ailtireachta Idirnáisiúnta sa Veinéis, La Biennale di Venezia*, táimid ag iarraidh ráiteas Shelley McNamara agus Yvonne Farrell ó Grafton Architects, coimeádaithe Biennale 2018, a léiriú:

*"ceiliúradh a dhéanamh ar chultúr comhroinnte na hailtireachta, ag léiriú cé chomh nuálach, chompordach, spreagúil, measartha agus gaisciúil is féidir le hailtireacht a bheith*".

Tugtar cuireadh duit togra a chur isteach faoi **mheán lae Dé Céadaoin, 11ú Feabhra 2026.**

## CÚLRA

Is é *Taispeántas Ailtireachta Idirnáisiúnta na Veinéise, La Biennale di Venezia*, an príomhimeacht ailtireachta ar domhan. Mar aon leis an Taispeántas Idirnáisiúnta arna Léiriú agus imeachtaí comhthaobhach leis, tá níos mó ná 60 taispeántas náisiúnta ó gach cearn den domhan ann. Bhí breis is 285,000 cuairteoir meallta chuig Biennale Ailtireachta na Veinéise in 2023.

*Is é Taispeántas na hÉireann sa Veinéis* ionadaíocht náisiúnta na hÉireann ag Biennale na Veinéise atá faoi stiúir Cultúr Éireann i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon. Tá Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon tiomanta go gcuirfear leis dea-cháil ar Éirinn atá ag méadú ag na Biennale Ailtireachta roimhe seo.

Trí rannpháirtíocht na hÉireann sa *Taispeántas Ailtireachta Idirnáisiúnta sa Veinéis, La Biennale di Venezia*, tá sé mar aidhm ag Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon próifíl ailtireacht na hÉireann a ardú agus deiseanna a chruthú d'ailtirí Éireannacha go hidirnáisiúnta.

Chomh maith le bheith ina ardán domhanda d'ailtireacht chomhaimseartha na hÉireann, ag Biennale na Veinéise tugtar deis d'ailtirí dul i dteagmháil le lucht féachana idirnáisiúnta éagsúil, plé a spreagadh, agus tionchar a imirt ar threochtaí ailtireachta sa todhchaí. Chomh maith leis sin, cuirtear deis uathúil ar fáil ann do na rannpháirtithe chun dul i mbun oibre agus nascadh le hailtirí, coimeádaithe agus comhoibritheoirí idirnáisiúnta.

**<u>Téama 2027</u>**

Tráth foilsithe an chuireadh seo, níl an téama coimeádaíochta foriomlán fógartha fós.

Is fearr go bhfreagróidh ionadaíocht náisiúnta na hÉireann don téama coimeádaíochta foriomlán, nuair a bhíonn sé ar fáil. Má chuirtear an téama ar fáil don phobal faoin dáta deiridh, beidh sé le fáil ar shuíomh gréasáin La Biennale di Venezia (www.labiennale.org/en/architecture/).

**Pailliún na hÉireann**

Faoi réir dearbhaithe, tá sé beartaithe go gcuirfidh Éire an spás atá in úsáid faoi láthair san Arsenale in áirithe do 2027 (san áit chéanna ina bhfuil taispeántais *náisiúnta* na hÉireann lonnaithe le deich mbliana anuas). Tá íomhánna agus léarscáileanna ar fáil in Aguisín 1.

Beidh an 20ú *Taispeántas Ailtireachta Idirnáisiúnta sa Veinéis, La Biennale di Venezia*, ar siúl ó Bhealtaine go Samhain 2027 agus ní mór Pailliún na hÉireann a bheith ar oscailt i rith thréimhse iomlán an taispeántais.

**Camchuairt in Éirinn**

Is ceanglas é go gcuirfear an taispeántas ar ais go hÉirinn le haghaidh camchuairt náisiúnta in 2028 don lucht féachana Éireannach. **Ní mór** aird a thabhairt ar an turas seo agus aghaidh a thabhairt air sna tograí.

## RÓL AN CHOIMEÁDAÍ I LEITH THAISPÉANTAS NA hÉIREANN

Beidh an Coimeádaí freagrach as taispeántas na hÉireann ag Biennale na Veinéise 2027 agus an Camchuairt Éireannach ina dhiaidh sin in 2028 a chur i gcrích. Beidh an Coimeádaí i gceannas ar choimisiúnú agus/nó taispeántas ailtireachta agus **ní mór taithí a bheith aige/aici ar an obair sin.**

Ní mór don Choimeádaí nó do bhall dá bhfoireann taithí a bheith aige/aici mar léiritheoir cruthaitheach agus/nó a bheith ina chomhpháirtí **eagraíochta/camchuairte**, agus a bheith in ann a léiriú go bhfuil sé/sí in ann na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- bainistíocht tionscadail
- bainistíocht buiséid
- tiomsú airgid
- socruithe leis an ionad

- cumarsáid agus an preas
- teagmháil le hOifig an Biennale
- soláthar tacaíochta riaracháin agus léiriúcháin
- teagmháil le Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon
- pleananna don chamchuairt náisiúnta a fhorbairt le hionaid/comhpháirtithe in Éirinn.

## SONRAÍ AN GHLAO OSCAILTE

Tá Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon ag lorg léirithe spéise ó dhaoine ar mian leo taispeántas a choimeád agus a chur i láthair chun ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag an *20ú Taispeántas Ailtireachta Idirnáisiúnta sa Veinéis, La Biennale di Venezia 2027.*

Ní mór go n-áirítear an t-iarratasóir (an coimeádaí) sa liosta seo a leanas:

- ailtire nó cleachtas ailtireachta
- coimeádaí a bhfuil saineolas aige/aici ar a bheith ag obair le hailtire/ailtirí nó le cleachtas/cleachtanna ailtireachta
- foireann, a gcaithfidh ailtire/ailtirí a bheith mar chomhalta/chomhaltaí lárnacha agus a bhféadfadh coimeádaithe a bhfuil saineolas acu san ailtireacht, déantóirí agus cleachtóirí eile a bheith san áireamh inti freisin

Ba chóir gach duine atá bainteach leis an tionscadal a aithint agus ba chóir dóibh a bheith páirteach sa chéad léiriú spéise seo.

Ní mór dóibh siúd atá ag déanamh aighneachta a léiriú go bhfuil an leibhéal cuí eolais agus scile acu chun taispeántas mór a fhorbairt, a bhainistiú agus a chur i láthair chun Éirinn a léiriú sa Veinis in 2027 agus chun é a thabhairt ar camchuairt in Éirinn in 2028.

Maidir leis an 20ú *Taispeántas Ailtireachta Idirnáisiúnta sa Veinis, La Biennale di Venezia* 2027, tá tograí á lorg ar an mbonn seo a leanas:

- Tá sé riachtanach go ndíreofaí an togra ar thopaic nó ar réimse ábhair atá ábhartha go sainráite do chultúr agus cleachtas ailtireachta comhaimseartha in Éirinn. Ina theannta sin, ba cheart go bhféachfadh an togra le hailtireacht na hÉireann a chur sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus san fhóram don ailtireacht arb é Biennale na Veinéise é.

- Féadfar go mbeadh ailtire amháin nó cleachtas ailtireachta i láthair nó saothar roinnt ailtirí Éireannacha i láthair mar chuid den togra. I gcásanna den sórt sin, ní mór an t-ailtire nó na hailtirí atá le taispeáint a liostáil agus a gconradh a dheimhniú tráth a ndéantar an togra;

- Ba chóir go mbeadh an togra uaillmhianach, go léireodh sé scála na deise, agus go mbeadh sé oiriúnach chun Éirinn a ionadú ar an stáitse domhanda seo;

- Ní mór gur Éireannach an coimeádaí nó cónaí a bheith aige nó aici in Éirinn;

- Beidh an fhoireann a cheapfar freagrach as coincheap, dearadh, seachadadh agus bainistíocht an taispeántais sa Veinis in 2027 agus a fhilleadh agus an chamchuairt náisiúnta ina dhiaidh sin in Éirinn le linn 2028;

- Ní mór machnamh a dhéanamh ar inbhuanaitheacht i ngach céim de shaolré an tionscadail.

## TACAÍOCHT Ó CHULTÚR ÉIREANN

Is í Cultúr Éireann an Coimisinéir ainmnithe do Biennale na Veinéise. Oibreoidh Cultúr Éireann leis an iarratasóir rathúil agus tacóidh sé leis an tionscadal i ndáil le cumarsáid, seoladh agus oscailt imeachtaí.
Cuirfear treoir maidir le taispeántas a dhéanamh ag Biennale na Veinéise ar fáil chun cabhrú le cur i gcrích an tionscadail roghnaithe do 2027.

**Saintaithí**

Is inmhianaithe go mbeadh taithí ag an iarratasóir ar:

- Taispeántais/tionscadail mhórscála a fhorbairt, a choimeád agus a idirghabháil;

- An ailtireacht a chur in iúl don phobal trí thaispeántais;

- Ag obair le raon teagmhálaithe agus líonraí idirnáisiúnta, a bhaineann leis na hearnálacha ealaíon agus cultúrtha;

- Maoiniú príobháideach agus poiblí a ghiniúint agus a bhainistiú;

- Taithí ar obair leis na meáin agus le geallsealbhóirí i gcur chun cinn na n-ealaíon agus/nó tionscadal cultúrtha.

## BUISÉAD

Is é €520,000 an buiséad do Biennale 2027, lena n-áirítear €340,000 ó Chultúr Éireann agus €180,000 ón gComhairle Ealaíon. Áirítear leis seo costas cíosa €170,000 a íocann Cultúr Éireann go díreach. Dá bhrí sin, is é €350,000 an glanbhuiséad oibriúcháin measta. Is é taithí ionadaíochtaí roimhe seo i Veinis ná go raibh gá le bailiú airgid suntasach chun cur leis an mbuiséad chun uaillmhian agus scála an tionscadail roghnaithe a bhaint amach. Ní mór d'iarratais a léiriú go bhfuil aird á tabhairt ar seo agus ba cheart go mbeadh taithí ag foirne iarratasóirí ar an ábhar seo.

Cuirfidh an Chomhairle Ealaíon buiséad ar leith suas le **€120,000** ar fáil don chamchuairt náisiúnta in 2028. Beidh iarratas ar leithligh chuig an gComhairle Ealaíon ag teastáil chun seo a dhéanamh go déanach in 2027.

Laistigh den bhuiséad oibriúcháin, ní mór don iarratasóir rathúil na nithe seo a leanas a chlúdach:

- Dearadh, forbairt agus táirgeadh a gcoincheapa;

- Seachadadh na ngrafaicí, na n-íomhánna, an trealaimh agus na n-ábhar taispeántais uile de réir mar is gá chun an taispeántas a chur in

iúl agus a idirghabháil i measc lucht féachana poiblí, go hidirnáisiúnta agus go náisiúnta;

- Gach costas loingseoireachta, suiteála agus díshuiteála agus fillte an taispeántais;

- An taisteal agus an lóistín go léir sa Veinis don fhoireann choimeádaíochta, don fhoireann suiteála, don fhoireann rannpháirteach agus do na maoirseoirí;

- Costais a bhaineann le cur chun cinn an taispeántais;

- Seoladh ócáid seolta oscailte sa Veinis i mí na Bealtaine 2027.

Beidh ar an bhfoireann rathúil plean bainistíochta tionscadail a bhunú, lena n-áirítear struchtúr bainistíochta agus tuairiscithe airgeadais, agus é seo a chomhaontú le Cultúr Éireann agus leis an gComhairle Ealaíon agus an Comhaontú Deontais á shíniú acu.

## CRITÉIR MHEASTÓIREACHTA

**Critéir**
Déanfar measúnú agus roghnú ar Léirithe Suime ar bhonn na gcritéar seo a leanas:

Cáilíocht Ealaíonta
- Soiléireacht an choincheapa ailtireachta atá beartaithe, an dearaidh agus an aschuir agus a ábharthacht maidir le cleachtas ailtireachta comhaimseartha na hÉireann i gcomhthéacs chultúr, smaointe, dúshlán agus chleachtais ailtireachta in Éirinn;
- Taifead oibre an iarratasóra agus an phearsanra ealaíonta a bhí páirteach sa tionscadal mar is léir óna CVanna agus ábhair thacaíochta eile a cuireadh isteach;
- An fhís chruthaitheach, an uaillmhian, an bhunaidh agus an inniúlacht a léiríodh sa togra.

Na Cuspóirí a Chomhlíonadh

- Uaillmhian, nuálaíocht, cáilíocht agus oiriúnacht an togra chun Éirinn a léiriú do lucht féachana idirnáisiúnta i gcomhthéacs ardán Biennale na Veinéise;
- Ábharthacht agus comhoiriúnacht an togra chun cleachtas ailtireachta comhaimseartha na hÉireann a léiriú i gcomhthéacs idirnáisiúnta an Biennale agus treochtaí, saincheisteanna nó téamaí i gcleachtas comhaimseartha á gcur san áireamh;
- An uaillmhian agus an cumas chun an camchuairt náisiúnta a reáchtáil in 2028.

Indéantacht

- Is riachtanas é go mbeidh taithí ag ball den fhoireann ar thionscadail mhórscála agus/nó taispeántais a chur i gcrích;
- Saintaithí, saineolas agus rath i dtaca le taispeántais ailtireachta a idirghabháil, a chur in iúl agus a chur i láthair do lucht féachana éagsúil, lena n-áirítear scileanna líonraithe agus naisc idirnáisiúnta;
- Taithí i mbainistíocht tionscadal suntasach agus fianaise ar thionscadail a tháirgeadh agus a sheachadadh go hidirnáisiúnta agus an gá le gealltanais shuntasacha ama agus taistil á gcur san áireamh;
- Taithí i mbainistíocht buiséid agus i gcumas tiomsaithe airgid, ag obair le buiséid mhóra;
- Plean iomlán saolré don taispeántas ina leagtar amach inbhuanaitheacht an tionscadail ina gcuirtear ábhair, taisteal agus iompar, athúsáid etc. san áireamh;
- A mhéid a léiríonn an togra go gcuirtear coinníollacha cothroma agus luach saothair ar fáil d'ailtirí/ealaíontóirí rannpháirteacha.

## AIGHNEACHT

Ba chóir go mbeadh na nithe seo a leanas i gceist le Léirithe Suime ina leagtar amach smaointe beartaithe an iarratasóra don taispeántas agus a gcur chuige agus a gcumas cur i láthair a thabhairt ar an scála atá riachtanach chun ionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ag Veinéis in 2027:

- Cuir bileog chumhdaigh chomhlánaithe san áireamh (bain úsáid as an teimpléad atá ar fáil in Aguisín 2 le do thoil);

- Cuir teideal oibre leis;

- Sainaithin an fhoireann iomlán agus róil na ndaoine éagsúla, lena n-áirítear róil an phríomhiarratasóra/choimeádaí;

- Cuir deimhniú comhaontaithe ó ailtire nó ó ailtirí san áireamh i gcásanna ina bhfuil a gcuid oibre le taispeáint;

- Cuir achoimre mhionsonraithe ar an bhfís chruthaitheach don togra agus an t-aschur ailtireachta atá le taispeáint san áireamh;

- Tabhair aghaidh go sainráite ar na critéir uile atá leagtha amach thuas;

- Cuir plean imlíneach don chamchuairt náisiúnta den taispeántas in Éirinn in 2028 leis (na háiteanna agus na cúiseanna leo);

- Cuir plean inbhuanaitheachta saoilré don taispeántas leis;

- Ná úsáid níos mó ná **5 leathanach A4 i bhformáid PDF** (gan an clúdach a áireamh);

- Gach beathaisnéis ábhartha a bheith in éineacht leis;

- Cuir buiséad imlíneach leis.

- Cuir plean táscach bailithe cistí leis.

- Faisnéis bhreise is ceart a áireamh léi: CVanna na foirne uile atá beartaithe don tionscadal (institiúid/coimeádaí/ailtire(í)).

**Ní mór gach iarratas a chur isteach trí ríomhphost chuig IrelandAtVenice@cultureireland.gov.ie faoi mheán lae, Dé Céadaoin, 11ú Feabhra 2026.**

## PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

**BEIDH TRÍ CHÉIM SA PHRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN:**

- Céim I: Léirithe Suime a Aighniú
- Céim II: Iarratasóirí ar an ngearrliosta tugtha chun tograí leathnaithe a ullmhú.

- Céim III: Iarratasóirí ar an ngearrliosta tugtha chun a dtograí a chur i láthair ag agallamh

**CÉIM I**

- Ní mór d'iarratasóirí Léiriú Suime nach mó ná 5 leathanach A4 a chur isteach i bhformáid PDF, lena n-áirítear na míreanna go léir atá liostaithe ag an Aighneacht thuas (leathanaigh 8–9).

- Déanfaidh Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon measúnú ar gach Léiriú Suime de réir na gCritéar Meastóireachta atá leagtha amach thuas (leathanaigh 7–8). Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí ar an ngearrliosta páirt a ghlacadh i gCéim II agus III den phróiseas roghnúcháin.

**CÉIM II**

- Tabharfar cuireadh d'iarratasóirí ar an ngearrliosta tograí leathnaithe a fhorbairt. Ba chóir go ndéanfar gach gné dá Léiriú Suime bunaidh a phlé go mion iontu seo agus go n-áireofar leis amharcléiriú ar a dtaispeántas atá beartaithe. Gearrfar táille €3,000 ar na hiarratasóirí ar an ngearrliosta le go mbeidh siad in ann é sin a dhéanamh.

Céim III

Tabharfar cuireadh do na hiarratasóirí ar an ngearrliosta freastal ar agallamh chun a dtograí leathnaithe a chur i láthair. Beidh Cathaoirleach neamhspleách i gceannas ar an bpainéal agallaimh agus beidh na daoine seo a leanas ar an bpainéal:

- Ionadaí ó Chultúr na hÉireann
- Ionadaí ón gComhairle Ealaíon
- Beirt chomhaltaí den phainéal a bhfuil stádas idirnáisiúnta agus saineolas ailtireachta acu

Níl dáta beacht socraithe go fóill don agallamh, ach táthar ag súil go mbeidh sé ar siúl go luath i mí Feabhra 2025. Cuirfear an t-iarratasóir rathúil ar an eolas go gairid ina dhiaidh sin.

## TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

- Tá an glao seo ar aighneachtaí oscailte d'ailtirí, do chleachtais ailtireachta, do choimeádaithe nó d'fhoirne a bhfuil saineolas acu san ailtireacht. Ba chóir gur Éireannaigh na hiarratasóirí nó go bhfuil cónaí orthu in Éirinn.

- Ní chuirfear na haighneachtaí ar ais.

- Ní íocfar an táille €3,000 ach amháin le hiarratasóirí ar an ngearrliosta d'fhonn a n-iarratas leathnaithe agus a gcur i láthair amhairc a ullmhú don agallamh. Ní íocfar aon táillí ná costais eile as rannpháirtíocht in aon chéim eile den phróiseas roghnúcháin.

- Déanfar admháil i leith gach togra trí ríomhphost arna fháil.

- Cuirfear gach iarratasóir ar an eolas i scríbhinn faoi thoradh a n-iarratais i ndiaidh gach céim den phróiseas inar ghlac siad páirt.

- Forchoimeádann Cultúr Éireann agus an Chomhairle Ealaíon an ceart duine aonair nó foireann a cheapadh chun ionadaíocht náisiúnta na hÉireann ag Veinéis a stiúradh mura n-éiríonn leis an bpróiseas aighneachta oscailte.

- Is cinneadh críochnaitheach an cinneadh a dhéanfaidh an painéal roghnúcháin.

## AISEOLAS

Cuirfear aiseolas i scríbhinn ar fáil do gach iarratasóir ar an ngearrliosta bunaithe ar na critéir mheasúnaithe atá leagtha amach.

*Is tionscnamh de chuid Chultúr Éireann é Éire sa Veinéis i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon*

## AMLÍNE AN ROGHNÚCHÁIN

*Ní mór go bhfaighfear na haighneachtaí faoi* ***mheán lae, Dé Céadaoin, 11ú Feabhra 2026 (Céim I)***

*Admhóidh Cultúr Éireann gach togra.*

*Cuirfear na hiarratasóirí ar an ngearrliosta ar an eolas faoi mhí an Mhárta 2026 ar a dhéanaí. Cuirfear tuilleadh sonraí faoi riachtanais aighneachta* ***Céim II*** *ar fáil dóibh ag an am sin agus beidh 6 seachtaine acu chun a gcuid tograí leathnaithe a ullmhú.*

*Beidh ar iarratasóirí ar an ngearrliosta freastal ar agallamh* ***(Céim III)*** *go luath i mí na Bealtaine 2026 (le deimhniú níos déanaí).*

*Fógrófar an togra rathúil tar éis Chéim III den phróiseas roghnúcháin a bheith críochnaithe.*


## TEAGMHÁIL

Ba chóir aon fhiosrúcháin maidir le haighneachtaí a sheoladh trí ríomhphost chuig: IrelandAtVenice@cultureireland.gov.ie

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Rochtana, más gá duit ceann, trí ríomhphost a chur chuig access@artscouncil.ie

*Tionscnamh de chuid Chultúr Éireann i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon is é Éire sa Veinéis*

## AGUISÍN 1: ÍOMHÁNNA AGUS LÉARSCÁILEANNA




*Tionscnamh de chuid Chultúr Éireann i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon is é Éire sa Veinéis*

## AGUISÍN 2: BILEOG CHLÚDAIGH LE HAGHAIDH AIGHNEACHTA

**LÉIRITHE SPÉISE I nDÁIL LE hIONADAÍOCHT NA hÉIREANN AG LA BIENNALE DI VENEZIA 2027**

| | |
|---|---|
| Teideal an Tionscadail: | |
| Príomh-Iarratasóir / Coimeádaí: | |
| Ealaíontóir(í) is Inmholta: | |
| Sonraí Teagmhála: | |
| Rannpháirtithe Eile agus na Róil Acusan: | |

*Tionscnamh de chuid Chultúr Éireann i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon is é Éire sa Veinéis*